C/2026/3890

15.7.2026

Fógra le haghaidh duine a chumhdaítear leis na bearta sriantacha dá bhforáiltear san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2023/2135 ón gComhairle agus in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2023/2147 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn de chobhsaíocht agus d'aistriú polaitiúil na Súdáine

(C/2026/3890)

Dírítear aird Mirghani Idriss SULEIMAN (uimh. 1), atá san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2023/2135 ón gComhairle [1] agus in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2023/2147 ón gComhairle [2] a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn de chobhsaíocht agus d'aistriú polaitiúil na Súdáine, ar an bhfaisnéis seo a leanas.

Faoi chuimsiú an athbhreithnithe bhliantúil ar bhearta sriantacha, tá sé beartaithe ag an gComhairle na bearta sriantacha i gcoinne an duine sin a choinneáil, bunaithe ar ráitis leasaithe ar chúiseanna agus ar fhaisnéis bhreise.

Leis seo, cuirtear in iúl don duine sin go bhféadfaidh sé iarraidh a chur faoi bhráid na Comhairle chun an dréachtráiteas ar chúiseanna agus/nó an fhaisnéis bhreise a fháil, **roimh an 3 Lúnasa 2026**, chuig an seoladh seo a leanas:

Comhairle an Aontais Eorpaigh
An Ardrúnaíocht
RELEX.1
Gnóthaí Cothrománacha agus Domhanda
Rue de la Loi/Wetstraat 175
1048 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË
ríomhphost: sanctions@consilium.europa.eu

---

[1] IO L, 2023/2135, 11.10.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2023/2135/oj.
[2] IO L, 2023/2147, 11.10.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/2147/oj.